Ionad Tacaíochta Teaghlaigh i gConamara

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Ionad Tacaíochta Teaghlaigh atá le tógáil in Indreabhán i gConamara. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén cineál tacaíochta a theastaíonn ó thuismitheoirí le páistí óga atá ag obair go lánaimseartha? Cad iad na seirbhísí difriúla a d'fhéadfaí a chur ar fáil do pháistí ag aoiseanna difriúla?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. preschool playgroup _____
2. good news _____
3. demand _____
4. first-rate service _____
5. to raise their family with Irish _____
6. crèche _____
7. it is hoped _____
8. after school services _____
9. a contract was signed _____
10. building work _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén dea-scéala a fuair Naíonra Shailearna inniu?

2. Cé mhéad post nua a chruthófar leis an ionad nua?

3. Cén cineál áiseanna atá ag an naíonra faoi láthair?

4. Cé mhéad airgid a cheadaigh an tAire Ó Cuív don ionad inniu agus cé mhéad atá ceadaithe cheana féin ag an Stát?

5. Cén tionchar a bheidh ag an togra seo ar thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge?

6. Cén seirbhísí eile a bheidh ar fáil san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh?

7. Cathain a thosnóidh an obair thógála agus cathain a bheidh an t-ionad nua críochnaithe?

Ceist 4 ‘*Tabharfaidh* sé seo misneach do na tuismitheoirí sin ar fad atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge.’
‘*Cruthóidh* an t-ionad nua 20 post breise sa cheantar.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Sa chéad bhuiséad eile _____ an rialtas tuilleadh cánach ar thoitíní agus ar dheochanna meisciúla. (cuir)

2. An tseachtain seo chugainn _____ an Taoiseach ionad siopadóireachta nua i lár na cathrach. (oscail)

3. Tá an Nollaig ag teacht agus _____ daoine a lán airgid ar bhia agus ar bhronntanais. (caith)

4. Tá alt an-spéisiúil sa nuachtán inniu agus nuair a bhíonn an t-am agam, _____ mé é. (léigh)

5. Beidh sladmhargaí sna siopaí i mí Eanáir agus _____ daoine rudaí nach bhfuil uathu. (ceannaigh)

Ceist 5 ‘Fuair Naíonra Shailearna *dea-scéala* inniu go mbeidh siad ag bogadh isteach go hIonad Tacaíochta Teaghlaigh nua.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat an dá cholún thíos a cheangal?

1	Ag agallamh do phost nua, tá sé tábhachtach bheith …….	a	dea-obair
2	Bíonn príomhoide na meánscoile ag súil le …….. ó na daltaí.	b	dea-aimsir
3	Tá …….. ar siúl ag an naíonra, ag tacú le tuismitheoirí le páistí óga.	c	dea-ghléasta
4	Leis an téamh domhanda, beidh ……. in Éirinn i rith an tsamhraidh.	d	dea-fhocal
5	Bíonn an ……. i gcónaí ag Máire, molann sí gach duine más féidir.	e	dea-iompar

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An dóigh libh gur cheart don rialtas airgead mór a chaitheamh ar chúram leanaí? An mbeadh sé níos fearr an t-airgead a chaitheamh ar rudaí eile? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. naíonra
2. dea-scéala
3. éileamh
4. seirbhís den scoth
5. a gclann a thógáil le Gaeilge/Gaelainn
6. naíolann
7. táthar ag súil
8. seirbhísí tar éis scoile
9. síníodh conradh
10. obair thógála

Ceist 3

1. Fuair siad dea-scéala inniu go mbeidh siad ag bogadh isteach go hIonad Tacaíochta Teaghlaigh nua an bhliain seo chugainn.
2. Táthar ag súil go gcruthófar suas le scór post nuair a bheidh sé tógtha.
3. Níl ach seomra beag amháin acu.
4. Cheadaigh an tAire Éamon Ó Cuív 1.6 milliún euro don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus tá milliún euro ceadaithe ag an Stát cheana féin don dtogra faoin gClár Cúram Leanaí um Chomhdheiseanna. Fágfaidh seo go gcaithfear 2.6 milliún ar an dtogra ina iomláine.
5. Tabharfaidh sé seo misneach agus fuinneamh agus tacaíocht do na tuismitheoirí sin ar fad atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge, fiú muna bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag na tuismitheoirí féin.
6. Cuirfear seirbhísí tar éis scoile ar fáil chomh maith le clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, ceoil agus ríomhaireachta.
7. Tosnóidh an obair thógála i gceann coicíse agus táthar ag súil go mbeidh an t-ionad nua ullamh i gceann bliana.

Ceist 4
An aimsir fháistineach atá i gceist anseo.

1. cuirfidh
2. osclóidh
3. caithfidh
4. léifidh
5. ceannóidh

Ceist 5
1c, 2e, 3a, 4b, 5d

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá os cionn milliún go leith euro ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív do Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a thógfar in Indreabhán i gConamara le freastal ar thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógail le Gaeilge. Tá milliún euro ceadaithe ag an Stát cheana féin don togra seo agus tá súil go gcruthófar suas le scór post nuair a bheidh sé tógtha. Tá tuilleadh faoin scéal ag Eibhlín Ní Choistealbha.

Eibhlín Ní Choistealbha

Fuair Naíonra Shailearna atá lonnaithe i Seanscoil Sailearna in Indreabhán le sé bliana anois dea-scéala inniu go mbeidh siad ag bogadh isteach go hIonad Tacaíochta Teaghlaigh nua an bhliain seo chugainn.

Caitlín Nic An Ultaigh

Agus mar a fheiceann tú, níl ach seomra beag amháin againn anseo agus tá dhá sheisiún againn faoi láthair. Tá os cionn 30 páiste sa bpobal ag freastal ar an naíonra faoi láthair agus tá éileamh i bhfad níos mó ná sin air ach níl muid in ann freastal air. Agus le cúnamh Dé leis an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, beidh seirbhís den scoth do Naíonra Cois Fharraige agus do Naíonra Sailearna sa bhreis ar gach seirbhís eile agus beifear in ann freastal ar éilimh an phobail.

Eibhlín Ní Choistealbha

Níos luaithe inniu cheadaigh an tAire Éamon Ó Cuív 1.6 milliún euro don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh atá le tógaint sa cheantar le freastal ar thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógail le Gaelainn. Tá milliún euro ceadaithe ag an Stát cheana féin don dtogra faoin gClár Cúram Leanaí um Chomhdheiseanna agus fágfaidh seo go gcaithfear 2.6 milliún euro ar an dtogra ina iomláine.

Caitlín Nic An Ultaigh

Tabharfaidh sé seo misneach agus fuinneamh agus tacaíocht do na tuismitheoirí sin ar fad atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge, fiú muna bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag na tuismitheoirí féin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Táthar ag súil go gcruthóidh an t-ionad nua 20 post breise sa cheantar nuair a bhogfaidh Naíonra Shailearna agus Naíolann Shailearna isteach ann. Cuirfear seirbhísí tar éis scoile ar fáil chomh maith le clubanna léitheoireachta, ceardaíochta, ceoil agus ríomhaireachta. Síníodh conradh leis an gconraitheoir áitiúil Mícheál Breathnach inniu a bheidh i mbun tógála.

Is ar an suíomh seo taobh thiar dom[1], ar an gCnoc in Indreabhán a bheidh an tIonad Tacaíocht Teaghlaigh nua lonnaithe. Táthar ag tnúth le tosnú ar an obair thógála anseo i gceann coicíse agus go mbeidh an t-ionad nua ullamh i gceann bliana.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 ar an gCnoc, in Indreabhán i gConamara

[1] *taobh thiar díom* a deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil